Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14193/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0215(COD)**

**CODEC 1515**
**EF 355**
**ECOFIN 1119**
**SURE 42**
**CONSOM 268**
**PE 106**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a dhíolann aonaid gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) nó neamh-GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 22 go dtí an 25 Samhain 2021) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta leasuithe comhréitigh (leasuithe 1 go 4) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is le linn teagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh na leasuithe sin.
Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 23 Samhain 2021, ghlac sé na leasuithe comhréitigh (leasuithe 1 go 4) trí vótáil aonair ar an togra thuasluaite le haghaidh rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[1].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2021)0461

## Earraí infheistíochta pacáistithe miondíola atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna): doiciméid faisnéise bunriachtanaí. Síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2021 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a dhíolann aonaid gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) nó neamh-GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh (COM(2021)0397 – C9-0326/2021 – 2021/0215(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0397),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0326/2021),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021[2],

– ag féachaint don ghealltúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 5 Samhain 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0297/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

---

2 Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0215**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 23 Samhain 2021 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a dhíolann aonaid gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) nó neamh-GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

---

[3] Tuairim an 20 Deireadh Fómhair 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)

[4] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2021.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], cuirtear de cheangal ar mhonaróirí táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas agus a fhoilsiú, sula gcuirtear PRIIP ar fáil d'infheisteoirí miondíola.

(2) Le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, déantar cuideachtaí bainistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (b), de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], cuideachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 27 den Treoir sin agus daoine a dhíolann aonaid gnóthas le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Treoir sin, nó a thugann comhairle ina dtaobh, a dhíolmhú ó na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán sin, agus, dá réir sin, ón gceanglas maidir le doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tháirgeadh, go dtí an 31 Nollaig 2021 ('an socrú idirthréimhseach'). I gcomhréir le hAirteagal 32(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, i gcás ina gcuirfidh Ballstát rialacha i bhfeidhm maidir le formáid agus inneachar an doiciméid faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir, mar a leagtar síos in Airteagail 78 go 81 de Threoir 2009/65/CE, ar chistí neamh-GCUInna a thairgtear d'infheisteoirí miondíola, tá feidhm le bheith ag an socrú idirthréimhseach maidir le cuideachtaí bainistíochta, cuideachtaí infheistíochta agus daoine a dhíolann aonaid de chistí neamh-GCUInna den sórt sin, nó a thugann comhairle ina dtaobh, d'infheisteoirí miondíola.

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

6 Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) (IO L 302, 17.11.2009, lch 32).

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún[7], forlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar agus formáid chaighdeánach an doiciméid faisnéise bunriachtanaí, tríd an modheolaíocht a leagan síos i ndáil le cur i láthair an riosca agus na luaíochta agus i ndáil leis na costais a ríomh, trí na coinníollacha agus an íosmhinicíocht a leagan síos i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus trí na coinníollacha a leagan síos maidir leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a chur ar fáil d’infheisteoirí miondíola.

(4) An 7 Meán Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) …/2021, lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht agus leis an gcur i láthair is bonn taca le cásanna feidhmíochta, cur i láthair costas agus an modheolaíocht chun táscairí achomair costais a ríomh, cur i láthair agus inneachar na faisnéise maidir le feidhmíocht roimhe seo agus cur i láthair na gcostas de réir PRIIPanna ina dtairgtear raon roghanna infheistíochta agus ailíniú an tsocraithe eatramhaigh le haghaidh monaróirí PRIIPanna a thairgeann aonaid cistí dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar roghanna bunúsacha infheistíochta leis an socrú eatramhach buan a leagtar síos san Airteagal sin. Is é an 1 Iúil 2022 dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe sin, ach tá sé tábhachtach a léiriú gur gá am leordhóthanach a thabhairt do chuideachtaí bainistíochta, do chuideachtaí infheistíochta agus do dhaoine a dhíolann aonaid GCUInna agus neamh-GCUInna nó a thugann comhairle ina dtaobh, ullmhú do dheireadh an tsocraithe idirthréimhsigh agus, mar sin, don oibleagáid doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tharraingt suas.

---

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún an 8 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad faisnéise bunriachtanaí, agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le doiciméid den sórt sin a sholáthar (IO L 100, 12.4.2017, lch. 1).

*(5)* ***Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an gá atá le ham leordhóthanach a bheith ann chun ullmhú don oibleagáid doiciméad faisnéise bunriachtanaí a tháirgeadh***, ní mór síneadh a chur leis an socrú idirthréimhseach go dtí an ***31 Nollaig*** 2022.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a leasú dá réir sin.

***(7) Is é is aidhm do Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 cur ar chumas infheisteoirí miondíola cinntí infheistíochta níos eolaí a dhéanamh. In ainneoin na ndea-rúin atá mar bhonn taca do Rialacháin (AE) Uimh. 1286/2014, cuireadh roinnt ábhar imní in iúl ón uair a glacadh é, lena n-áirítear, maidir leis an ngá atá le sainmhíniú níos soiléire a thabhairt ar 'infheisteoirí miondíola', raon táirgí an Rialacháin sin, deireadh a chur le páipéar mar rogha réamhshocraithe i gcás ina dtairgtear PRIIP ar bhonn aghaidh ar aghaidh, coincheap na 'n-idirbheart comhleanúnach', agus soláthar faisnéise réamhchonarthaí d'infheisteoirí gairmiúla Ní mór aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin mar ábhar práinne chun muinín infheisteoirí miondíola as na margaí airgeadais a fheabhsú, ar mhaithe le cuideachtaí atá ar lorg cistiú agus ar mhaithe le tairbhe fhadtéarmach infheisteoirí araon. Leagadh amach cheana i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, an gá atá le hathbhreithniú níos leithne, agus níl aon athrú tagtha ar an bpráinn a bhaineann leis. Ar bhonn athbhreithniú den sórt sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, táthar ag súil go gcuirfidh an Coimisiún, mar ábhar práinne, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh togra ag gabháil leis i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha atá ann cheana.***

(8) I bhfianaise a ghiorra atá an tréimhse atá fágtha go dtí deireadh bunaidh an tsocraithe idirthréimhsigh, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm gan mhoill,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, cuirtear '31 Nollaig 2021' in ionad an dáta ***'31 Nollaig*** 2022'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*